Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

An Bhruiséil, 25 Lúnasa 2022

CM 4154/22

AVIATION
ICAO
RELEX
CLIMA

**TEACHTAIREACHT**

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | isabelle.besson@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32 2 281 8212 |
| Ábhar: | **Nós Imeachta i Scríbhinn agus freagra le tabhairt faoin Luan, an 29 Lúnasa 2022 ag meánlae CET (am na Bruiséile) le ríomhphost chuigavia-mar@consilium.europa.eu**<br>Ullmhúchán don 41ú Tionól den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta<br>Páipéir oibre a bhaineann leis an gcomhshaol arna mbeartú le cur faoi bhráid ICAO<br>– Formheas<br>– Tús an nós imeachta i scríbhinn |

1. Beidh an 41ú Tionól den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) ar siúl ón 27 Meán Fómhair go dtí an 7 Deireadh Fómhair 2022 in Montréal. I dtaca leis an gcomhshaol, is é an 31 Lúnasa 2022 an spriocdháta atá ag Páirtithe Conarthacha lena n-aighneachtaí i bhfoirm páipéir oibre a chur faoi bhráid ICAO.

2. Pléadh dréachtpháipéir oibre a bhaineann leis an gcomhshaol sa mheitheal um eitlíocht an 7 agus an 26 Iúil 2022. Ón 2 Lúnasa 2022 go dtí an 24 Lúnasa 2022, chuathas i gcomhairle i scríbhinn leis an meitheal um eitlíocht maidir leis na comhréitigh a mhol an Uachtaránacht. Rinneadh toradh an chomhairliúcháin a thaifeadadh in 11779/22 + ADD1-3.

3. I bhfianaise easpa cruinnithe de Choiste na mBuanionadaithe agus den Chomhairle roimh an spriocdháta lena chur faoi bhráid ICAO an 31 Lúnasa 2022, i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de rialacha nós imeachta na Comhairle, iarrann an Uachtaránacht ar **na toscaireachtaí uile a rá go sainráite** an aontaíonn siad an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an nós imeachta i scríbhinn a úsáid chun na páipéir oibre, mar a leagtar amach in 11779/22 ADD1-3 iad, a fhormheas.

**Iarrtar oraibh 'AONTAÍMID', nó 'NÍ AONTAÍMID' a thabhairt mar fhreagra.**

– Téacsanna na bpáipéar oibre mar a leagtar amach in 11779/22 ADD1-3 iad a fhormheas agus údarú a thabhairt don tSeicia na páipéir oibre sin a chur faoi bhráid ICAO thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát.

**Iarrtar oraibh 'AONTAÍMID', nó 'NÍ AONTAÍMID' a thabhairt mar fhreagra.**

– A dhearbhú go n-aontaíonn siad, má tá gá le hoiriúnuithe ar théacsanna na ndoiciméad chun urraíocht ó Stáit eile a áirithiú, go bhféadfar an téacs a oiriúnú ar choinníoll nach ndéanann na hathruithe difear do bhunús ná do chuspóir na dtéacsanna.

**Iarrtar oraibh 'AONTAÍMID', nó 'NÍ AONTAÍMID' a thabhairt mar fhreagra.**

Iarrtar freisin ar an gCoimisiún a rá go sainráite an aontaíonn sé an nós imeachta i scríbhinn a úsáid.

Is tráth a fhreagraítear na ceisteanna ba cheart aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh.

Ní mór na freagraí a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle faoi mheánlae CET (am na Bruiséile) an 29 Lúnasa 2022 agus ba cheart iad a sheoladh le ríomhphost chuig **avia-mar@consilium.europa.eu**

---